2,500 SCOLÁIRÍ AR COLÁISTÍ SAṀRAIḊ DÚN NA nGALL

Teaċt Isteaċ Mór Do Na Ceantair Gaeltaċta

Busanna Príoṁaideaċ ag na Coláistí Uilig Anois

Dé Máirt agus Dé Ceadaoine na seaċtaine seo, ḃí tráċt trom isteaċ go Co. Ḋún na nGall, as gaċ uile ċondae i gCúige Ulaḋ agus ó ḋeas go Baile Áta Cliat agus Gaillim, agus lá na tíre.

Ó ṫús na seaċtaine ṫáinig coraḋ mór agus 2,000 scoláirí isteaċ ċuig Coláistí Gaeilge Ḋún na nGall, Coláiste Cróna, Rann na Feirste, Gaot Doḃair, agus na Coláistí eile.

I mbliana, toisc briseaḋ ar seirḃís na dtraenaċa, ḃí a ṡeirḃís bus féin ag Rann na Feirste, mar ḃí ag Coláiste Cróna le ceiṫre bliana anuas. Agus ḃí a gcuid busanna féin ag tromlaċ na gColáistí eile ċom maiṫ.

Ṫug scaoi busanna corraḋ agus 200 scoláirí de ċuid Coláiste Cróna, go hAilt a' Ċorráin, agus ḃí sé cinn de na bádaí móra ag fanaċt ansin lena dtaḃairt isteaċ go hOileán Árann.

Ní ḃeiḋ mórán tiṫe folaṁ nó tiṫe pobail naċ mbeiḋ líonta fríd Ġaeltaċt Ḋún na nGall, ó seo go deireaḋ mí Lúnasa.

Agus is maiṫ an teaċt isteaċ é do Ġaeltaċt Ḋún na nGall, ċom maiṫ, mar cé naċ ḃfuil an díolaíoċt ró árd do na scoláirí ins na tiṫe lóistín, is maiṫ ann é, agus má ḃíonn oċtar nó ós a ċionn i dTeaċ Lóistín, is deas an gráinín beag airgid a ḃíonn le fáil taréis míosa, nó ḋá ṁí. Agus is fearrde i ḃfad é, nuair a ḃíos cuid glasraí agus préataí agus bia eile ag na tiṫe.

Gan aṁras, is tionscail seo gur ċeart aire a ṫaḃairt dó go cúramaċa, agus a d'ḟéadfaḋ ḋul ar soċar go mór do ṗobal Ḋún na nGall.

I gceantraċa na gColáistí seo, tátar ag tógáil tiṫe úra agus ag cur lena tiṫe aċan bliain, agus ag méadú an méid a dtig freastal lóistín a ṫaḃairt díoḃa.

San iomlán, meastar go ḃfuil idir 2,300 agus 2,400 scoláirí i nDún na nGall, san am i láṫair. Agus ní beag le rá seo. Is rud táḃaċtaċ é do ṗobal Ġaeltaċt Ḋún na nGall ag méadú an teaċt isteaċ atá acu, agus is rud an táḃaċtaċ ar fad é do ġluaiseaċt na Gaeilge, nó má ċoinníonn siad go measarṫa lena ndualgaisí, raċaiḋ an scaifte ṫar n-ais go Baile Áṫa Cliat, Béal Feirste, ⁊ aċan áit eile, agus greim maiṫ acu ar an nGaeilge. Agus meas níos mó acu ar an nGaeilge, ná ḃí roiṁe.

Gan aṁras ar biṫ, níl aon ġluaiseaċt eile dá ḃfuil ann a ḋéanfas oiread maiṫeas don Ġaeilge, agus a ċuirfeas an aṫḃeoċaint ċun cinn, agus labairt na Gaeilge ċun cinn oiread agus ċuirfeas na Coláistí Saṁraiḋ sa Ġaeltaċt.

Níl aċ rud amáin i ḋíṫ ar na scoláirí anois atá scaipṫe ṫart fríd paráistí Ġaeltaċt Ḋún na nGall, agus sin an aimsir ṁaiṫ ó seo go ceann trí seaċtainí.

Má ḃíonn sin acu. Is cinnte go raċaiḋ siad na ḃaile agus iad ċoṁ breá sásta leis an saoire is fearr a ḃí acu ariaṁ.

Saoire ina ndúċas féin insan áit a ba dual díoḃa éirí suas dá mbeaḋ a saoirse ag an tír seo i gcónaí agus a ṫeanga agus a saoṫúlaċt féin faoi ṁeas mar ba ċóir ariaṁ anall.

COLÁISTE CRÓNA

Ṫosaiġ cuid busanna Coláiste Cróna go luath ar maidin ó Ḃaile Áṫa Cliat agus Éadan Doire, Muileann Cearr, Roscomáin, Baile Ċaṫail, agus Béal Áṫa 'n Ḟeaḋa, agus ó Ceanannus Mór, agus Áṫ Ḟirdia, agus áiteaċa taoḃ ṫuaiḋ. Ṫáinig an scaoṫ busanna le ċéile ag Baile Ḋún na nGall, agus ṫáinig siad anuas fríd Ḋún na nGall le ċéile. Ḃí cuid ṁaiṫ de na scoláirí a ḃí i dTír-na-nÓg ċeana féin, agus ċoṁ luath agus a ṫáinig siad an taoḃ seo de na Gleanntaí, ṁoṫ-ófá cuid acu ag caint — ní fada anois go ḃfeicimíd Árainn. Agus tuirseaċ agus eile mar ḃí siad, ḃí a saiṫ lúṫaire orṫa nuair a ṫáinig siad ḟad le Céiḃ Ailt a' Ċorráin, agus nuair a ṗlódaiġ siad isteaċ sna bádaí ar a mbealaċ go hÁrainn.

Ḃí an tAṫair Mac Grianra, S.C., Ára Ṁór, Brian Ó Gallċoḃair, agus múinteoirí eile an Oileáin, ar an ċéiḃ le fáilte a ċur rompa. Ḃí na mná tí rompa i scoltaċa an oileáin, agus níor ḃfada go raiḃ siad socraiṫe ṫart ins na tiṫe.

Cuireaḋ tús oifigiúil le gnóṫaí na Coláiste le hAifreann i dTeaċ Pobail Naoṁ Cróna, maidin Ḋiardaoin.

RANN NA FEIRSTE

Ḃí sé mall go maiṫ san oíċe nuair a ṫáinig na busanna ḟad le Rann na Feirste, an áit a raiḃ Rúnaí na Coláiste, Seosaṁ Ó Searcaiġ, agus oifigí eile gnóṫaċ go maiṫ ar feaḋ an lae, ag réitiú na scoláirí ṫart ag na tiṫe.

Tá timpeall 600 scoláirí ag Coláiste Ḃríde agus Coláiste Mín na Leice. D'éist siad le óráid an uaċtaráin, ó Ṗádraic Mac na Mí, Uaċtarán Ċoláiste Ḃríde maidin Ḋiardaoin. Tá an tAṫair Rónán, ó Rinn Ṁic Gormáin mar Dean ar cúrsaí na Coláiste don ṁí seo. Tá na scoláirí ag socrú síos ina gcuid ranganna anois.

LOĊ AN IÚIR

Tá Loċ an Iúir ag leaṫnú amaċ gaċ bliain, agus tá an scaifte is mó go fóill, ann i mbliana. An tAṫair Ó Dúnṡléiḃe, atá ina Uaċtarán ar an Ċoláiste, agus tá sé breá sásta leis an scaifte atá aige i mbliana. Timpeall 200 atá sa Ċoláiste seo.

GAOṪ DOḂAIR

Tá corraḋ agus 600 scoláirí scaipṫe ṫart ar ful paráiste Ġaoṫ Doḃair. An tAṫair Mac Seáin atá i mbun cúrsaí na Coláiste, agus tá foireann mór múinteoirí ag cuidiú leis. Bíonn na ranganna ar siúl ag cúig ionad fé leiṫ ar fud na paráiste.

GORT A' ĊOIRCE

Is ioma súil a ḃí fluiċ, ag smaoineaṁ ar na laeṫa a ḃí, nuair a ṫáinig scoláirí go Cloiċeannaola i mbliana. Méadaim a rá naċ raiḃ duine ar biṫ ansin, idir múinteoirí, scoláirí, oifigí agus eile, naċ raiḃ ag smaoineaṁ ar an té a d'imiġ. Ċaiṫfeá smaoineaṁ arís agus arís eile, ag aċan ċuid de imeaċtaí na Coláiste, ar Ṡíle Ní Ḋúgáin. Ba ioma guine adúirt — Go méadaiġ Dia a glóir sna Flaiṫis. Agus ba iomaḋ duine nár ḋúirt ċor ar biṫ aċ a smaoiniġ ina ċroí — ar ḋeis láiṁ Dé go raiḃ a h-anam. Nó d'ḟág sí a cuiṁne agus a pearsantaċt féin ar aċan cuid de gnóṫaí na Coláiste.

Tá scaifte maiṫ i nGort a' Ċoirce i mbliana, agus foireann breá le múinteoirí aċ, san am ċéanna, caiṫfiḋ muid uilig a ḃeiṫ ag smaoineaṁ ar an ḃean a ḃí mar spiorad na Coláiste i gcónaí.

FÁLCARRAĊ

Tá Coláiste Ḟinéin ar an Fálcarraċ, ag méadú leis ar fad. Scaifte maiṫ mór scoláirí ann i mbliana, ṫart fá'n 200. Ṫáinig siad i lár na seaċtaine agus tá na ranganna ar siúl anois, agus iad ag socrú síos ionṫu.

ROSGOILL

Coláiste Ros Goill, an ċéad ċoláiste a dtáinig scoláirí ċuige, deireaḋ na seaċtaine seo caiṫe. Níl mórán scoláirí ann. Ní ḃíonn ariaṁ, aċ bíonn aire ar leiṫ le fáil ag na cúpla scór atá ann. Níl Gaeltaċt Ros Goill ró ṁór, agus ní ḋéanann siad freastal ar scaifte ró ṁór.

TEILIONN

Corraḋ le 150 scoláirí a ṫáinig go Coláiste Ṫeileann tús na seaċtaine. Tá na tiṫe lóistín lán go maiṫ, agus tá na ranganna ar siúl ó lár na seaċtaine, agus na scoláirí breá sásta leo.

BAILE NA FINNE

Macasaṁail trí-scór scoláirí atá i mBaile na Finne, an áit a ḃfuil an tAṫair Mac Floinn i mbun cúrsaí na coláiste. Bíonn na ranganna ar siúl ins na scoltaċa, agus tig siad lena ċéile fá ċoinne caiṫeaṁ aimsire in halla na paráiste, i mBaile na Finne.

GLEANNĊOLMCILLE

Níl cúrsa Gaeilge ar biṫ i nGleann Colmcille i mbliana, ⁊ ní raiḃ anuraiḋ aċ oiread. Táṫar ag baint úsáid as an méid lóistín atá le fáil ins na tiṫe fá ċoinne cuairteoirí agus turasóirí.

GEARR ĊÚRSA GRAMADAÍ

Brian Mac Giolla Ṗádraig, M.A., a ċum. Brún agus Ó Nualláin Teo., a d'ḟoillsiġ. 124 leaṫnaí. Níl aon luaċ marcáilte air.

Seo ceann de na leaḃraí is fearr agus is úsáidí dár foilsíoḋ le blianta fada, do na bunscoltaċa.

Sé an cineál leaḃar gramadaí é, atá ag teastáil ó ḋuine nó ó ṗáiste a níos úsáid den Ġaeilge go gnáċ, aċ a ḃfuil gná-ṫeagasc ar cúrsaí grámadaí ag teastáil uaiḋ, mar tá gná ṫeagasc gramadaí na Fraince ag teastáil ó ṗáiste na Fraince.

Seo rud naċ raiḃ ar fáil roiṁe seo. do ṗáistí do aois 11 agus 12 bliana.

Ḃí sé de loċt ar tromlaċ mór leaḃraí gramadaí a cuireaḋ ar fáil, nó a ḃí in ainm a ḃeiṫ curṫa ar fáil do na bun scoltaċa go dtí seo, nó go raiḃ siad ag teagasc foġlaim na Gaeilge tré ṁéan na ġramadaí, bealaċ nár ċeart Gaeilge ḟoġlaim ċor ar biṫ.

An dara loċt a ḃí orṫa, ná go raiḃ an tromlaċ díoḃa i mBéarla. Ní raiḃ freastal ar biṫ déanta ar gnáċ páiste na Gaeltaċta, ar ḃí an Ġaeilge a ġná ṫeanga, ⁊ ar ċeart go mbeaḋ sé ag foġlaim na gramadaí mar a d'ḟoġlaimeóḋ gnáċ páiste ar biṫ gramadaċ ṫart fá'n aois sin.

Is dóċa go ḃfágfaí gnáċ páiste na Gaeltaċta tamall eile gan gramadaċ ceart maraċ go ḃfuil aṫrú mór indiaiḋ a ṫeaċt ar cúrsaí gramadaí, agus cúrsaí múinte na Gaeilge, agus go dtuigtear anois, naċ ceart gramadaċ a ṁúineaḋ go mbíonn Gaeilge ag duine mar gná ṫeanga nó beagnaċ mar gnáṫ-ṫeanga.

Seans gur ag cuiṁniú ar ṗobal mór na mBunscoltaċa, a ḃfuil Gaeilge réasúnta maiṫ acu, agus a ḃfuil eolas ar ġramadaí ag teastáil uaṫa leis an eolas sin ar an teanga do ḋeiṁniú, a ḃí luċt foilsiṫe an leaḃar seo. Aċ mar sin féin, tá sé fíor úsáideaċ ar fad do ġnáċ pobal na Gaeltaċta agus molaimíd do múinteoir scol ar biṫ, atá ag deiġleáil le árd ranganna na mbun scoltaċa sa Ġaeltaċt, ⁊ do ḋuine ar biṫ atá ag cur páistí isteaċ ar scoláireaċtaí, Coṁairle Co., nó scoláireaċtaí na Gaeltaċta, an leaḃar seo a ḃeiṫ aige in úsáid san árd rang.

Tá an leaḃar insan ċló Rómánaċ, aċ ní milleán ar biṫ ar Ḃrian é sin, aċ, tá sé sin a' teaċt i ḃfeiḋm anois, agus caiṫfeár glacaḋ leis. Tá sé bunaiṫe ar Ġaeilge caiġdeánaċ, aċ gan foréigin a ḋéanaṁ ar canúint ar biṫ agus claonaíonn sé níos mó leis an Ġaeilge ḃeo.

Fríd an leaḃar ar fad, taréis teagasc a ṫaḃairt ar pointí gramadaí, tugtar neart cleaċtaiḋ ⁊ áḃar le scríoḃaḋ nó le freagairt mar ċeisteanna béil, agus is maiṫ é seo, do ṗáistí an aois seo.

Measaim go ndéantar beagáinín an iomad cainte faoi na díoclaonta fós, aċ níl sé ċoṁ h-olc agus atá leaḃraí gramadaí eile. Is miṫid a ṫuiscint go mbeiḋ na Díoclaonta ag imeaċt as do réir a ċéile, agus naċ cuid bunúsaċ den Ġaeilge iad.

Má ḃíonn an iolra agus an ginideaċ ag páistí, ní gá luí ró ṫróm ar cúrsaí foirmeáilte na nDíoclaonta, mar ḃí ag céad dream an aṫḃeoċana.

Tá neart áḃar foġlamṫa, áḃar cleaċtaiṫe agus áḃar intinne insan leaḃar. Molaimíd do Ṗríoṁ-Oidí na mBun scol ar fud na Gaeltaċta an leaḃar a ċur in úsáid ina gcuid ranganna.

MATAMATIC NA hÁRD TEISTIMÉIREAĊTA

Na Bráiṫre Críostaí a d'éagraiġ. An Gúm a d'ḟoilsiġ. 575 leaṫnaċ. Luaċ 17s. 6d. An ċéad ċló—1965.

Is bunleaḃar údarásaċ ar an ṁatamatic é seo. Leaḃar atá níos fearr ná a ṁacasaṁail féin i mBéarla, nó b'ḟéidir i mórán teangaċa eile. Tuigtear seo go maiṫ. Ag deireaḋ an réiṁrá deirtear — Mar focal scoir is mian leis na Bráiṫre Críostaí a rá go mbeiḋ siad ṫar a ḃeiṫ sásta má ṫugann an leaḃar seo cabair do Oidí agus scoláirí na hÉireann, go mór ṁór dóiḃ siúd a ḃfuil an Ġaeilge mar ṫeanga teagaisc acu.

Measaim ó sin go dtuigeann luċt eagraiṫe gur dóiġe go mbeiḋ an leaḃar seo ḋá úsáid ag daoine seaċas iad sin go ḃfuil an Ġaeilge mar ṫeanga teagaisc acu, agus ní ḃeaḋ íontas ar biṫ orm dá mbeaḋ, mar tá eagrú an leaḃair ṫar bárr ar fad.

Tá an cúrsa iomlán matamatica san leaḃar seo, idir pas-ċúrsa agus cúrsa onóraċ, agus rud eile, tá an t-áḃar ann don ċúrsa nua agus don seán ċúrsa ċoṁ maiṫ, don Árd Teistiméireaċt, idir Ailgébar céimseaṫa, tríontánaċt, miosúraċt, calcalas agus céimseaḋaċt coṁárdánaideaċ ann. Tugtar caibidil fé leiṫ don uiṁir-ċóras, taċair agus éagoṫromóidí, staitistic, dóċulaċt, ḃeicteoirí, trasċoiṁeas, coinḃéirseaċt agus diḃéirseaċt, teoirim De Moivres feiḋmeanna logmartaċa agus easpóntúla.

Tá an t-iomlán leagṫa amaċ ar slí a ṫugann na scoláire ó'n ċuid is simplí go dtí an ċuid is doiṁne agus is casta, agus tá sin déanta i nGaeilge ḃeo a ṫuigfeaḋ gnáċ cainteoir dúċais, gan mórán trioblóide, nó a ṫuigfeaḋ duine a d'ḟoġlaim a ċuid Gaeilge go maiṫ insan Ḃunscoil.

Aċ ní hé san leagan amaċ nó san ṁíniú is mó a ḃíonn feaḃas teacsleaḃra aċ ins na cleaċtaiṫe agus na ceisteanna. Is maiṫ mar láiṁseáiltear an taoḃ seo den ġnó san leaḃar seo, mar tá breis agus 300 samplaí réitiṫe, agus tá breis agus 1,000 ceist le freagraí ann.

Tá leagan amaċ na somplaí oibriṫe go slaċtṁar, agus is anseo atá táḃaċt ar leiṫ in leagann amaċ an leaḃair. Le leaṫnaí leaṫana 10'' x 7'' a ṫugann spáis fá ċoinne réitiú ceisteanna go somplaċ.

Is maiṫ mar atá an clóḃualaḋ déanta, agus is maiṫ an páipéar atá ann, ag Hely Thom ⁊ Coml. Teo. Cé gur árd an luaċ, 17s 6d. measaimíd gur áḃar riaċtanaċ é seo do scoláirí árd-teistiméireaċta insan ṁatamatica.